Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 3

# Oifig an Ard-Aighne

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I dtaca leis an riachtanas seo, tá cuntas ullmhaithe agus ceangailte agam leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Ard-Aighne, agus deontas san áireamh.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachais don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.136 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Feidhmíodh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le táirgeadh cuntas leithreasaithe nuair a bhí an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Dearbhú maidir le seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn comhsheirbhíse. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta freagrach as rialuithe a oibriú laistigh de na hIonaid Seirbhíse Comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais na bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht do bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, go bhfuil

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- tá athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisícóras bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann agus go gcloítear le disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla.

Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. Tá an Oifig géilliúil seachas 9 gconradh ar luach €369,128. Mar a éilítear i gciorclán 40/2002 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá tuarascáil curtha isteach agam faoi sholáthairtí in 2018 nach raibh bunaithe ar phróisis tairisceana iomaíocha, arbh fhiú € 369,128 san iomlán iad. Áiríodh leis seo

- €62,451 (2 chonradh) Nach bhfuil ar fáil ar sheirbhísí síntiúis ar fáil trí idirghabhálaithe;
- €62,877 (2 chonradh) caite ar sheirbhísí bainistíochta cásanna agus taifead arna soláthar ag soláthróirí aonair;
- €24,976 (2 chonradh) caite ar sheirbhísí bainistíochta airgeadais arna soláthar ag soláthróirí aonair
- €144,655 (1 chonradh) caite ar sheirbhísí parlaiminteacha a bhí neamhchomhlíontach leis na rialacha soláthair;
- €45,819 (1 chonradh) caite ar sheirbhísí dréachtaithe reachtaíochta arna soláthar ag soláthróir aonair
- €28,350 (1 chonradh) caite ar seirbhís stórála faoi shocrú a bhainistíonn OPW.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig trí chonradh le gnólacht iniúchta gairmiúil le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm inmheánach iniúchta ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Bhí feidhm iniúchta inmheánaigh don Oifig i bhfeidhm le linn 2018.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá os comhair na roinne agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhacht. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear na rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as rialuithe a oibriú ar fhoireann shonrach.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na heaspaí rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach agus as bainistíocht agus as CCB, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat inmheánach rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2018, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Damien Ó Maoldomhnaigh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

4 Meán Fómhair 2019

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ard-Aighne agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2019

## Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí | 16,121 | 14,835 | 14,540 |
| | **Ollchaiteachas** | **16,121** | **14,835** | **14,540** |
| | *Lúide* | | | |
| **B** | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **799** | **649** | **668** |
| | **Glanchaiteachas** | **15,322** | **14,186** | **13,872** |

**Farasbarr**

D'fhéadfadh farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,135,979** | **1,028,105** |

**Damien Ó Maoldomhnaigh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

4 Meán Fómhair 2019

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas chláir | | 2,008 | 2,187 |
| Pá | | 10,771 | 10,463 |
| Neamhpá | | 2,056 | 1,890 |
| **Ollchaiteachas** | | **14,835** | **14,540** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **649** | **668** |
| **Glanchaiteachas** | | **14,186** | **13,872** |
| | | | |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (190) | | |
| Dímheas | 179 | | |
| | | (11) | 61 |
| | | | |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe dúnta | 122 | | |
| Méadú ar stoc | 4 | | |
| | | 126 | (18) |
| **Caiteachas díreach** | | **14,301** | **13,915** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,258 | 2,504 |
| Measchíosanna | | 763 | 727 |
| **Costas chláir ghlan** | | **17,322** | **17,146** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas faoi Vóta 3 a iompraíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,722 | 1,984 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 229 | 164 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhisí Comhroinnte | 13 | 18 |
| Príomhchiste - Pinsin maidir le iarArd-Aighní | 294 | 338 |
| | **2,258** | **2,504** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 402 | 391 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 32 | 36 |
| Réamhíocaíochtaí | | 133 | 215 |
| Ioncam fabhraithe | | — | 2 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 95 | 92 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 435 | 8 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 695 | 353 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Rótharraingt bhainc | 2.3 | 138 | 59 |
| Costais fhabhraithe | | 111 | 73 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 392 | 41 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 641 | 173 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 54 | 180 |
| **Glansócmhainní** | | **456** | **571** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú stáit** | 2.1 | **456** | **571** |

### 2.1 Cuntas maoiniú stáit

| | Nóta | €000 | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 571 | 614 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 15,322 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,136) | | |
| Vóta glan | | | 14,186 | 13,872 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 2,258 | 2,504 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 763 | 727 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (17.322) | (17,146) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **456** | **571** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Oll-sócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 4,888 | 1,683 | 6,571 |
| Breiseanna | 181 | 9 | 190 |
| Diúscairtí | (365) | (1) | (366) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | **4,704** | **1,691** | **6,395** |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 4,577 | 1,603 | 6,180 |
| Dímheas don bhliain | 157 | 22 | 179 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (365) | (1) | (366) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018 | **4,369** | **1,624** | **5,993** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **335** | **67** | **402** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 311 | 80 | 391 |

## 2.3 Rótharraingt bhainc

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta | (138) | (61) |
| Iarmhéid chuntas bhainc thráchtála | — | 2 |
| | **(138)** | **(59)** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 9 | 16 |
| Ábhair inchaite TF | 23 | 20 |
| | **32** | **36** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 38 | 38 |
| Comhchostais in-fhorchúiteacha | 1 | 4 |
| Scéim pas taistil | 52 | 48 |
| Ilghnéitheach | 4 | 2 |
| | **95** | **92** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 9 | 8 |
| Cáin Bhreisluacha | 3 | 32 |
| Creidiúnaithe eile | 6 | 1 |
| Ranníocaíocht pinsin | 374 | — |
| | **392** | **41** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 1,136 | 1,028 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,571) | (1,036) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **(435)** | **(8)** |
| **Árna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 95 | 92 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Rótharraingt bhainc | (138) | (59) |
| Dlite don Stát | (392) | (41) |
| | **(530)** | **(100)** |
| | **(435)** | **(8)** |

## 2.8 Ceangaltais

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 648 | 705 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 11,677 | 10,771 | 10,463 |
| ii | Taisteal agus cothú | 176 | 249 | 178 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 640 | 573 | 647 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 70 | 56 | 54 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TFC seachtracha | 590 | 761 | 655 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 160 | 100 | 96 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus beartas | 50 | 28 | 4 |
| viii | Saineolas dlí faoi chonradh | 300 | 178 | 194 |
| | | **13,663** | **12,716** | **12,291** |

**Athraithe suntasacha**

Rinneadh caiteachas riaracháin a chionroinnt ar fud na gclár, chun costas iomlán cláir a chur i láthair. Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le haghaidh athruithe suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus € 100,000).

*ii* *Taisteal agus cothú*

Soláthar mheastacháin: €176,000, toradh: €249,000

D'eascair an méadú de €73,000 mar gheall ar an ngá an dara comhairleoir dlí a chur ar iasacht don AE chun cuidiú le cúrsaí a bhaineann le Brexit, a raibh sé de dhualgas ar an Oifig liúntais chothabhála a chlúdach dó.

v *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar mheastacháin: €590,000, toradh: €761,000

Tá an méadú de €171,000 inchurtha i leith costais níos airde ná próifílithe a bhaineann le ceadúnais bhogearraí a athnuachan agus obair ar an tionscadal R-Reachtaíochta, Leabhar Reachtanna Leictreonach na hÉireann, an Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus an Córas Bainistíochta Airgeadais.

viii *Saineolas dlí faoi chonradh*

Soláthar mheastacháin: €300,000, toradh: €178,000

D'eascair an laghdú €122,000 mar gheall ar riachtanas níos isle ná mar a bhíothas ag súil le saineolas dlí faoi chonradh.

## Clár A Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 11,677 | 10,771 | 10,463 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 1,986 | 1,945 | 1,828 |
| A.3 | Síntiúis d'Eagrais Idirnáisiúnta | 38 | 39 | 35 |
| A.4 | An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 2,280 | 2,008 | 2,187 |
| A.5 | Costais dhlí ghinearálta | 140 | 72 | 27 |
| | | **16,121** | **14,835** | **14,540** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €1.286 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €947,000 de seo le caiteachas riaracháin agus ba é an méid seo a leanas ba mhó a bhí ag iarmhéid na hathraithe de € 339,000:

*A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí*

Soláthar meastacháin: €2.28 milliún, toradh: €2.008 milliún

Tharla an t-easnamh i gcaiteachas €272,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chostais tuarastail níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí. Tharla sé seo mar gheall ar an méid ama a thóg sé chun gach post ceadaithe sa Choimisiún a líonadh maidir le foireann chléireachais agus taighdeoirí dlí.

*A.5 Costais dhlí ghinearálta*

Soláthar meastacháin: €140,000, toradh: €72,000

Tharla an t-easnamh i gcaiteachas de €68,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar íocaíochtaí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis le hAbhcóidí.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Faighte | Faighte |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ilghnéitheach | 8 | 1 | 64 |
| 2. | Fáltais de bharr asbhaintí pinsean-ghaolmhara as luach saothair na seirbhíse poiblí | 791 | 648 | 604 |
| | **Iomlán** | **799** | **649** | **668** |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí na leithreasaí i gcabhair €150,000 níos lú ná an meastachán.

Tá na mínithe ar na hathraithe leagtha amach thíos:

*2 Fáltais de bharr asbhaintí pinsean-ghaolmhara as luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthar meastacháin: €791,000, toradh: €648,000

D'eascair an gannchion €143,000 toisc nár líonadh gach post ceadaithe i gcónaí i rith 2018.

# Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

## 5.1 Líon fostaithe (coibhéisigh lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 147 | 151 |

## 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 9,844 | 9,571 |
| Iomarcaíocht agus scaradh | -- | 42 |
| Liúntais le haghaidh dualgais arda, speisialta nó bhreise | 67 | 75 |
| Liúntais eile | 29 | -- |
| Ragobair | 13 | 18 |
| ÁSPC an Fhostóra | 818 | 757 |
| **Pá iomlán** | **10,771** | **10,463** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2018 € | Uasíocaíocht aonair 2017 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 9 | 2 | 20,614 | 12,911 |
| Liúntais eile | 8 | — | 8,969 | — |
| Ragobair | 5 | — | 7,576 | 1,341 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2 | 1 | 12,280 | 7,750 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €468,037 (tuarastal €377,406 agus liúntais €90,631) i leith ceithre oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig do 2018 ar fad a raibh an Oifig ag íoc a dtuarastail. Tá beirt de na hoifigigh seo ar iasacht don Aontas Eorpach agus is saineolaithe náisiúnta ar iasacht don Aontas Eorpach iad an bheirt eile.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €16,843 maidir le seisear duine (2017: €15,402, seisear duine). As seo, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm do €14,187 maidir le ceathrar daoine aonair. (2017: €Nialas).

## 5.6 Iomarcaíocht agus scaradh

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí iomarcaíochta nó scaradh le linn 2018. (In 2017 fuair fostaí amháin íocaíochtaí de €7,092 maidir le hiomarcaíocht agus €35,456 i leith scaradh).

## Aguisín A Cuntais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí (CAD)

Feidhmíonn an CAD faoi choimirce na hOifige. Baineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha le 2017. Eisíodh an tuarascáil iniúchta ar 19 Nollaig 2018. Tá an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freagrach as ráitis airgeadais an CAD a leagan os comhair Thithe an Oireachtais. Fuair an tAire ráitis airgeadais iniúchta 2017 ar 12 Feabhra 2019, agus cuireadh i láthair an Oireachtais iad ar 15 Feabhra 2019.